Timlin Ó Cearnaigh imithe ó TG4

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Thimlin Ó Cearnaigh. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan féin agus an duine in aice leat an Ghaeilge a fháil ar na focail seo:

well-known _____

broadcaster _____

pension _____

abroad _____

special interest _____

flying visits _____

bombing _____

disaster _____

Peace Process _____

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

Ceist 2 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cé hé/hí an láithreoir is fearr leat?
Ar mhaith leat féin a bheith ag obair mar láithreoir?
Cad é do bharúil faoi láithreoirí TG4 i gcomparáid le stáisiúin teilifíse eile?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí.

Ceist 4 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad é an bhaint a bhí ag Timlin le Raidió na Gaeltachta?

2. Cén fáth a raibh suim aige sa pheil?

3. Cén bhliain a thosaigh Timlin le TG4, cén fáth a raibh an bhliain sin tábhachtach do TG4?

4. Cad é a rinne sé le TG4, den chuid is mó?

Ceist 5 ‘nuair a *bunaíodh* é*. . .’*

Cuir na briathra seo a bhí le cloisteáil sa mhír san aimsir chaite, briathar saor. Cuir in abairtí ansin iad.

Bunaigh	_____	_____
		_____
Tosaigh	_____	_____
		_____
Clúdaigh	_____	_____
		_____
Tabhair	_____	_____
		_____

Ceist 5 Ag obair leis an duine in aice leat breac síos na focail/frásaí a bheadh úsáideach agus sibh ag scríobh cárta do dhuine a bheadh ag dul amach ar pinsean.
Anois, scríobh cárta gearr ag guí gach rath ar dhuine atá ag imeacht ar pinsean.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

well-known	**aitheanta**
broadcaster	**craoltóir**
pension	**pinsean**
abroad	**thar lear**
special interest	**suim faoi leith**
flying visits	**sciuirdeanna**
bombing	**buamáil**
disaster	**tubaiste**
Peace Process	**Próiseas na Síochána**

Ceist 2
Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 3
Achoimre ghairid ar an tuairisc atá i gceist anseo, seans atá ann do na foghlaimeoirí an *gist* ginearálta a fháil.

Ceist 4

1. Bhí Timlin Ó Cearnaigh ar dhuine den chéad seachtar a thosaigh le Raidió na Gaeltachta nuair a bunaíodh an tseirbhís sin i 1972.
2. Bhí suim faoi leith aige i gcúrsaí spóirt mar gur imir sé féin peil ag leibhéal club agus leibhéal contae.
3. Tháinig Timlin ag obair le TG4 nuair a bunaíodh é i 1996.
4. Chlúdaigh sé an nuacht agus scéalta ó thuaidh chomh maith le sciuirdeanna thar lear le scéalta a chlúdach ar fud na cruinne, go háirithe Meiriceá. Ba é Timlin a chlúdaigh buamáil san Ómaigh, agus ba é a chlúdaigh tubaiste 9/11 i Nua Eabhrac.

Ceist 5

Bunaigh	- Bunaíodh	Bunaíodh an tseirbhís sin sa bhliain 1972
Tosaigh	- Tosaíodh	Tosaíodh na scrúduithe ar a seacht a chloig.
Clúdaigh	- Clúdaíodh	Clúdaíodh gach gné dá shaol sa scéal.
Tabhair	- Tugadh	Tugadh milseáin saor in aisce do na páistí.

Ceist 6
Foclóir samplach:
a chara,
ádh mór
amach anseo
rath agus bláth
go deas obair leat
Bain sult as . . . .
am saor

Tabhair seans dóibh cárta a scríobh.

Éimear Ní Chonaola
Agus inniu tá duine de chraoltóirí aitheanta na Gaeilge imithe ar pinsean ó TG4. Bhí Timlin Ó Cearnaigh ar dhuine den chéad seachtar a thosaigh le Raidió na Gaeltachta nuair a bunaíodh an tseirbhís sin i 1972. Chlúdaigh Timlin an nuacht as Tír Chonaill agus nuacht an Tuaiscirt, chomh maith le turais thar lear. Bhí suim faoi leith aige i gcúrsaí spóirt mar gur imir sé féin peil ag leibhéal club agus leibhéal contae.

Tháinig Timlin ag obair le TG4 nuair a bunaíodh é i 1996. Arís, chlúdaigh sé an nuacht agus scéalta ó thuaidh chomh maith le sciuirdeanna thar lear le scéalta a chlúdach ar fud na cruinne, go háirithe Meiriceá. Ba é Timlin a chlúdaigh buamáil san Ómaigh, agus ba é a chlúdaigh tubaiste 9/11 i Nua Eabhrac. Lean sé scéal an Tuaiscirt agus Próiseas na Síochána, ag tabhairt tuairiscí anseo don nuacht.

Guímid gach ráth ar Thimlin sna blianta atá amach romhainn.